2024/1664

13.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1664 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meitheamh 2024

lena socraítear an ráta coigeartaithe d'íocaíochtaí díreacha de bhun Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i leith na bliana féilire 2024

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1), an tríú fomhír, de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 17(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 go bhfuil ráta coigeartaithe d'idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán sin agus maidir leis na bearta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (e), den Rialachán sin le cinneadh i gcás ina léireofar sna réamhaisnéisí do mhaoiniú na n-idirghabhálacha agus na mbeart arna maoiniú faoin bhfo-uasteorainn chomhfhreagrach le haghaidh bliain bhuiséadach áirithe go sárófar na huasteorainneacha bliantúla is infheidhme.

(2) De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá cúlchiste talmhaíochta de chuid an Aontais le bunú ag tús gach bliana sa Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). I gcomhréir le hAirteagal 16(2), an dara fomhír, den Rialachán sin, i gcás nach leor na leithreasuithe atá ar fáil chun an cúlchiste a chistiú suas leis an méid is gá, féadfar smacht airgeadais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin mar rogha dheireanach chun an cúlchiste a chistiú.

(3) De réir na réamhaisnéisí do na híocaíochtaí díreacha agus do chaiteachas a bhaineann leis an margadh a cinneadh i ndréachtbhuiséad an Choimisiúin le haghaidh 2025, níl gá faoi láthair le smacht airgeadais. Tá éiginnteacht mhór ann, áfach, a mhéid a bhaineann leis an ngá a bheidh ann amach anseo le tacaíocht ón gcúlchiste talmhaíochta i bhfianaise iarmhairtí ionradh na Rúise ar an Úcráin don tionscal agrai-bhia agus i bhfianaise a mhinice a tharlaíonn teagmhais dhíobhálacha aeráide a mbíonn tionchar acu ar an bhfeirmeoireacht. Ina theannta sin, féadfaidh tionchar a bheith ag an leibhéal ard neamhchobhsaíochta atá ann faoi láthair in earnáil na feirmeoireachta ar fud na hEorpa ar riachtanais mheasta an bhuiséid le haghaidh bhliain airgeadais 2025.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 17(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116, tá an ráta coigeartaithe le socrú faoin 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Rialachán sin, féadfar an ráta coigeartaithe a oiriúnú ar bhonn faisnéis nua go dtí an 1 Nollaig den bhliain féilire chéanna. Ní féidir an ráta a oiriúnú ar bhonn faisnéis nua, áfach, ach amháin má socraíodh ráta faoin 30 Meitheamh.

(5) I bhfianaise na n-éiginnteachtaí a bhaineann leis na réamhaisnéisí buiséadacha agus chun an fhéidearthacht a chaomhnú go ndéanfar an ráta coigeartaithe a oiriúnú go dtí an 1 Nollaig 2024 chun a áirithiú go n-urramófar na huasteorainneacha bliantúla agus an cistiú breise don chúlchiste talmhaíochta, i gcás ina mbeidh gá le haon cheann den dá cheann acu, meastar gurb iomchuí ráta coigeartaithe 0 % a shocrú le haghaidh na bliana féilire 2024.

(6) Foráiltear le hAirteagal 17(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 go bhfuil feidhm le bheith ag an ráta coigeartaithe, i gcás na bliana féilire comhfhreagraí, maidir le híocaíochtaí ar mó iad ná EUR 2 000 atá le deonú d'fheirmeoirí le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán sin agus maidir leis na bearta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (e), den Rialachán sin.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

(7) Mar riail ghinearálta, nuair a chuireann feirmeoirí iarratas isteach ar chabhair i bhfoirm íocaíochtaí díreacha le haghaidh na bliana féilire (N), tugtar an íocaíocht dóibh laistigh de thréimhse sheasta íocaíochta laistigh den bhliain airgeadais (N+1). Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí déanacha a dhéanamh le feirmeoirí tar éis na tréimhse íocaíochta sin, laistigh de theorainneacha áirithe. Féadfar íocaíochtaí déanacha den sórt sin a dhéanamh i mbliain airgeadais dá éis sin. Nuair a chuirtear smacht airgeadais i bhfeidhm maidir le bliain féilire ar leith, níor cheart an ráta coigeartaithe a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí ar cuireadh iarratais ar chabhair isteach ina leith le linn blianta féilire seachas an bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an smacht airgeadais ina leith. Dá bhrí sin, chun cóir chomhionann d'fheirmeoirí a áirithiú, is iomchuí a fhoráil nach gcuirfear an ráta coigeartaithe i bhfeidhm ach amháin maidir le híocaíochtaí ar cuireadh iarratais ar chabhair isteach ina leith le linn na bliana féilire a bhfuil feidhm ag an smacht airgeadais ina leith, gan beann ar an tráth a dhéanfar an íocaíocht leis na feirmeoirí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun an ráta coigeartaithe a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/2116, maidir leis na híocaíochtaí atá le deonú d'fheirmeoirí le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán sin agus le haghaidh na mbeart sonrach dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (e), den Rialachán sin ar mó iad ná EUR 2 000 de thoradh iarratas ar chabhair arna chur isteach i leith na bliana féilire 2024, laghdófar iad faoi ráta coigeartaithe 0 %.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN